

Middletown Centre for Autism:

Tá Middletown Centre for Autism ag cur cúrsa lae i láthair do Thuismitheoirí, Múinteoirí & Cúntóirí Riachtanais Speisialta, maidir le Uathachas sa mBunscoil ar an 12/10/2019 ag tosaigh ag 10rn. Caithfear d'áit ar an gcúrsa a chur in áirithe. Gach eolas ar suíomh na scoile! Cuirfear sóláistí agus lón ar fáil ar an lá. Ár míle buíochas le Middletown.

Boscaí Team Hope

Mo mhíle buíochas dhaoibh ar fad as páirt a ghlacadh sa bhfeachtas Team Hope anuraidh, tá sé de rún againn é a dhéanamh arís an bhliain seo. Is féidir na boscaí atá críochnaithe agaibh a fhágáil ar scoil ar an Luain, 4ú Samhain agus an Mháirt an 5ú. Beidh na mboscaí le tabhairt isteach ag Ionad Team Hope i nGaillimh ar An Déardaoin, 7ú Samhain, dá bhrí sin ní mór cinntiú go bhfuil na boscaí ar fad faighte againn roimh an Chéadaoin.

Buíochas/ Coiste na dTuismitheoirí

Tá buíochas mór le gabháil le Áine Ní Chlochartaigh, Maryann Uí Mhadaoin, Cassie Ní Chathasaigh agus Deirdre Uí Chualáin agus Coiste na dTuismitheoirí, a d'eagraigh scoth an lá bailiúcháin airgid i SuperValu an Chlocháin le gairid. Chaith an ceathrar acu lá fada ann, agus bhailigh siad €830 ar son an Choiste! Teastaíonn cúnamh ón gCoiste i mbliana chun imeachtaí a rith. Tá muid fíorbhuíoch don Choiste as an obair dhíograsach a dhéanann siad agus an meon dhearfach atá acu i dtaobh imeachtaí a eagrú d'fhorbairt na scoile. **Tá teagmháil déanta againn leis an National Parents Council agus tá siad ag tabhairt cuairt ar an scoil ar an 23ú lá de Dheireadh Fómhair ag an 7in. Oíche eolais a bheidh ann agus iarraim ar a laghad duine as gach clann freastal ar an oíche eolais seo, teastaíonn tuilleadh cúnamh uaidh Coiste na dTuismitheoirí agus bheinn fíorbhuíoch dhá mbeadh sibh in ann tacaíocht a thabhairt don oíche seo atá eagraithe againn.**

Tá súil againn go mbeidh briseadh dheas, síochánta agus *SCANRÚIL* agaibh ar fad thar an briseadh téarma!

Le gach deá-ghuí,

Nóra Ní Chadhain, Príomhoide Gníomhach



Oíche Shamhna
Shona Daoibh!